“Inbhuanaitheacht, Innealtóireacht agus an Teanga”

[Caint ag an Roth, 29 Samhain, 2018 le Martin Hawkes]

Dia dhaoibh a chairde,

Gabhaim buíochas leis an Roth – agus leis an Ollamh Fionn Ó Muircheartaigh go speisialta - as ocht an cuireadh a thabhairt dom bheith páirteach sa comhrá tábhachtach seo. Agus mar a dúirt Fionn sa ríomhphost a chuir sé amach, níl ceist níos práinní ar domhan inniú ná ceist na hinbhuanaitheachta. Ach ós rud é nach saineolaí mé ar an ábhar seo, sílim gur chóir go gcuirfí an bhéim anocht ar chomhrá oscailte seachas an iomarca cainte uaimse.

Reamhrá

Ar dtús ní mór dom a rá nach innealtóir mise. Tá cúlra agam sa Roinn Airgeadais, fadó fadó, sa bhaincéireacht (i mBNP), mar fhionntraí agus anois glaoim ‘fiontraí sóisialta’ orm féin. Cosúil le Fionn táim i’m bhall de Theacht Aniar, eagraíocht a bhfuil sé mar aidhm aige ceist na teanga a shuíomh i gcomhthéacs forbairt chomhtháite shóisiata, eacnamaíochta, eiceolaíoch and cultúrtha. I gcomhthéacs na cainte seo cuirfidh mé an bhéim ar an éiceolaíocht ach beidh na heilimintí eile san áireamh chomh maith. Déanfaidh mé tagairt don innealtóireacht ag an deireadh.

Caithfidh mé a rá chomh maith gur rud meabhrach atá i gceist sa chomhrá seo agus go bhfuilim ag caint i dtéarmaí agus i smaointe an-leathana sa mhéid atá le rá agam. Tá a fhios agam, ar ndóigh, go mbaineann an innealtóireacht le rudaí coincréitacha gur feidir a thomhas go cruinn agus gur dúshlán, b’fhéidir, cuid de na rudaí meabhracha a bhéas le rá agam. Gabhaim mo leithscéal libh roimh-ré mar sin.

O thaobh na hinbhuanaitheachta agus an athraithe aeráide de, glachtar leis gur gá na rudaí nach féidir linn a bhainistiú a sheachaint agus na rudaí nach féidir linn a sheachaint a bhainistiú agus dul in oiriúnt dóibh. Baineann ról na hinnealtóireachta leis an bhainistiú agus an dul in oiriúnt - baineann cuid

mhaith dem chaint anocht le conas na rudaí nach féidir linn a bhainistiú a sheachaint.

Cheist mhaith, b'fhéidir, le chur faoi bhúr mbráid ná – cad é an fráma is oiriúnaí chun tabhairt faoi cheist na hinbhuanaitheachta:

- Fráma praiticiúil na hinnealtóireachta?
- Fráma an chórais chaipitiligh?
- Fráma an chomhfhiosa as a bhfuil na géarchéimeanna comhaimseartha ag eascairt nó
- B'fhéidir gur chóir leas a bhaint as Teoiric na gCóras – nó Systems Theory - teoiric a thugann deis dúinn gnéithe éagsúla de theideal na cainte seo a nascadh le chéile – inbhuanaitheacht, innealtóireacht, an teanga agus go leor eile!

Bonn tuisceana lárnach a bhéas i mo chuid cainte ná go bhfuilimid uile ag pointe stairiúil, ní hamháin sa tír seo ach go domhanda. Maítear gur tharla claochlú an Renaissance taobh istigh de 25 bliain agus gur eascair sé as saothar 200 ealaíontóir. Nílim ag maíomh – ná baol ar – go bhfuil claochlú nó athbheochan ar aon dul leis an Renaissance i ndán don chine daonna ag an am seo. Ach is é mo bharúil go bhfuilimid ar tháirseach claochlú comhfhiosach éigin agus gur chóir bheith feasach air o thaobh staid na hinbhuanaitheachta, dhúshláin ha hinnealtóireachta agus chinnúint na teanga.

Na Córais ag titim as a chéile?

Ag tiontú ar dtús ar Theoiric na gCóras, tosóidh mé le staid na gcóras a bhfuilimid ag brath orthu. Tá na córais chomhaimseartha in a bhfuilimid sáite – is é sin an córas eacnamaíochta, an córas airgeadais agus an córas éiceolaíochta go fiú an córas polaitíochta – i mbaol agus i ngéarchéim. Is léir nach bhfuil siad ag obair a thuilleadh mar ba ghnách.

Ó thaobh na heacnamaíochta de, ar dtús, tá an caipitileachas gan teorainn ag tabhairt brabúis thar teorainn do chomhlachtaí ar nós Google agus Facebook agus fiú do chomhlachtai 'sna sean earnáil cosúil le aérlíntí agus comhlachtaí teilifíse. Dar leis an Economist – agus é ag fógairt an chéad réabhlóid chaipitiligh eile in eagrán an 17ú lá den mhí seo - tá $660bn brabúis as an gnáth á ghnóthú ag comhlachtaí go hidirnáisiúnta, dhá thrian sna Stáit

Aontaithe agus cuid mhaith de sin taobh istigh de chomhlachtaí teicneolaíochta. Dá dheasca sin tá cumhacht na gcomhlachtaí agus praghsanna monaplachta ag dul i méid agus sciar na n-oibrithe san Olltáirgeacht Náisiúnta ag dul i laghad. Tá 50% de mhaoin an domhain ag dul do 1% de dhaonra an domhain agus tá sciar na ndaoine is saibhre ag dul i méid ó am na géarchéime airgeadais. Ag an am chéanna ní bheidh na deiseanna céanna ag na 'millennials' agus a bhí ag a dtuismitheoirí, ainneoin go bhfuil níos mó oideachais acu ná mar a bhí ag a dtuismitheoirí.

O thaobh na héiceolaíochta de tá an t-athrú aeráide agus an meath sa bhithéagsúlacht imithe thar theorainn na sábháilteachta cheana féin agus meastar má scaoilfear an dé-ocsaíd charbóin atá sna foinsí ola, gáis agus guail atá faoi thalamh a bhfuil fáil orthu anois, go mbeidh an córas éiceolaíochta agus todhchaí an chine dhaonna scriosta gan leigheas. Is léir dúinn uile anois conas atá an aeráid ag éirí níos contúirtí. Sna Stáit Aontaithe, an tír is saibhre ar domhan, fuair b'fhéidir ochtó duine bás i dtinte foraoise le gairid. Sa bhaile tá na heachtraí aimsire ag eirí níos tromchúisí an t-am ar fad (féach stoirm Diana inné). Beidh dúshláin mhóra ag na hinnealtóirí bagairt na bhfarraigí agus na n-aibhneacha a choinneáil siar, na tinte foraoise a smachtú agus ganntanas uisce a leigheas. Ar ndóigh is é an córas eacnamaíochta comhaimseartha ina bhfuilimid go léir sáite agus fórsaí an mhargaidh atá ag cur brú ar chumas an chine dhaonna teacht slán. Níl costas achmhainní comónta an domhain á níoch againn agus beidh an praigheas sin le níoch ag na glúnta atá le teacht. Is iad na fórsaí céanna atá ag cur brú ní hamháin ar an mbithéagsúlacht ach ar an éagsúlacht chultúrtha agus teanga chomh maith.

De réir an 'Emissions Gap Report 2018' a d'foilsigh UNEP an tseachtain seo ní mór don chine daonna feidhmiú ag ráta trí huaire níos tapúla chun na hastaíochtaí gásanna ceaptha teasa a laghdú más mian linn an méadú teochta a choinneáil faoi bhun dhá chéim celsius – gan trácht ar an méadú a choinneáil faoin bhun a haon ponc a chúig céim celsius. Tá na hastaíochtaí domhanda ag méadú arís ó 2017 i leith in ionad a bheith ag laghdú. De réir na tuarascála ba chóir leas a bhaint as polasaithe cánach agus nualaíochta chun an bhearna astuithe a dhúnadh.

Sa tír seo tá na hastaíochtaí dé-ocsaíd charbóin ag dul i méid dhá mhilliún tonna in aghaidh na bliana in ionad titim aon mhilliún tonna in aghaidh na bliana mar a tá geallta 'sna spriocanna do 2020. Tá cinícheas an Rialtais san earnáil seo thar a bheith náireach. Tá muid ar an tríú tír is measa san Eoraip ó thaobh na hastaíochtaí de atá 45% níos airde in aghaidh an duine ná

gnáthshaoránaigh an Aontais Eorpaigh – agus beidh pionós mór le n-íoc againn dá bharr (bfhéidir €200m in aghaidh na bliana). Chun bheith macánta tá an tAire nua, Richard Bruton, taréis infheistiú €77m a fhógairt an tseachtain seo do thionscadail éagsúla ar nós ionaid muirear tapaidh do gluaisteáin leictreacha agus téamh ceantair i mBÁC chomh maith le busanna hibrideacha agus sciodar a thiontú go gás in-athnuaite. Feicfhimid an bhfuil an Rialtas ag eirí níos dáiríre faoi ár ndualgaisí mar shaoránaigh an domhain.

Má bhreathnaítear ar an **gcóras polaitíochta** sa domhan, tá na struis chéanna le feiceáil. Ta Trump tagtha i gcumhacht sna Stáit Aontaithe. Tá ceist an Bhreat-imeachta faoi lán seol san oileán in aice láimhe. Tá an Chatalóin agus tír na mBascach ag iarraidh tarraingt siar ón Spáinn. Tá an náisiúnachas ag éirí níos láidre sa Rúis, sa tSeapáin, san Iodáil, san Ungáir, sa Phólainn, sa Tuirc agus ina lán tiorthaí eile. Ar fud na hEorpa tá páirtithe nua tagtha ar an saol, an chuid is mó acu claonta go mór i dtreo na heite deise go fiú an faisisteachas.

Go ginearálta tá fórsaí an bhunúsachais agus an anoird ag teacht chun cinn a thaispeánann go bhfuil alán pobal ar domhan ag lorg réiteach na ndúshlán atá romhainn trí chasadh siar go dtí bealaí an ama atá caite. Comharthaí iad seo, dár liom, go bhfuil na struis sa ghéilleagar agus sa tsochaí idirnáisiúnta ag cur strus ar na córais pholaitíochta. De réir mar a thagann sé chun solais go bhfuil gá le claochlú bunúsach sna córais ina bhfuilimid gafa – claochlú a bheidh costasach agus fuascaillteach ag an am céanna - ‘sea is mó a thagann imoibriú i gcoinne na n-athruithe a bhfuil géarghá leo.

Cad a léiríonn teoiric na gcóras faoin staid ina bhfuilimid? Agus táim cinnte go bhfuil tuiscint ar leith ag innealtóirí faoi strusanna i gcórais fhisiceacha? Nuair a théann córas as riocht is féidir le ceann amháin de dhá rud tarlú; is féidir leis an gcóras briseadh as a chéile ar an taobh amháin nó is féidir leis an gcóras briseadh thar teorainn amach go leibhéil éifeachtachta níos airde ar an taobh eile. Is trí phróiseas mar seo, a shíltear, a tharla éabhlóid an domhain agus an chine dhaonna ó am na hOllphléisce 15 billiún bliain ó shin, i leith. Cad tá i ndán dúinn ag an bpointe géarchéime seo? Níl sé sin soiléir fós ach bím dóchasach i gcónaí go mbainfimid leas as an trioblóid atá ag bagairt chun an dara bealach a roghnú. Ar ndóigh chun bheith macánta níl an fhianaise, mar a luaigh mé, dearfach ag an bpointe seo – so tá mé ag snámh in aghaidh easa leis an dóchas seo.

Teachtaireacht thábhachtach ó theoiric na gcóras, ná gur féidir le hionchur beag tionchar mór a imirt ar chóras atá íogair de dheasca é bheith faoi strus mór. Is féidir a shamhlú mar sin go mbeidh deis ann amach anseo do chúis na Gaeilge má éiríonn an comhthéacs domhanda agus náisiúnta níos contúirtí. Ba chóir dúinn bheith réidh leis an deis a thapú chun cumas na Gaeilge mar fhoinse athléimneachta in athréimniú na tíre a chur chun chinn sa comhthéacs sin. Agus ar ndóigh tá sé soiléir domsa ar a laghad go bhfuil an t-atmaisféar i leith na Gaeilge ag éiri níos dearfaí le himeacht aimsire sa tír seo, má fhágtar an Ghaeltacht as an áireamh.

Mar a gheall mé ag an tús smaointe meabhracha atá i gceist agam anseo ach seans go bhfuil bonn leo a bhéas níos soiléire le himeacht aimsire.

Comharthaí Claochlaithe

Ag glacadh leis go bhfuil comharthaí géarchéime le feiceáil go forleathan sa domhan cá bhfuil na comharthaí go bhfuil an cine daonna ar tí bealach gaoiseach a ghlacadh? Cá bhfuil na bachlóga nua ag teacht aníos?

Ar ndóigh ní taobh istigh den phróiseas polaitiúil, ach ó thaobh na saoránach atá ag eagrú go spontáineach taobh istigh d'eagrais neamhrialtasacha. Áirítear go bhfuil ar a laghad 130,000 eagras tagtha ar an saol i ngach cúinne den domhan, atá ag feidhmiú ar son cearta sóisialta agus comhshaoil de réir Paul Hawken sa leabhar "Blessed Unrest" (http://blessedunrest.com/video.html). Is fiu é sin a lua arís – ós cionn 130,000 eagraíocht dheonach ag feidhmiú ar son cearta sóisialta agus comhshaoil. Is gluaiseacht ollmhór é seo atá ag borradh go ciúin faoi bhun an radar, ag feidhmiú mar chóras imdhíonachta an chine daonna. Is gluaiseacht neamh-idé-eolaíochta é atá bunaithe ar ghaol, ar phobal, agus ar shiombóis. Is amhlaidh atá an domhan ag tabhairt aisfhreagra trí bhíthin na n-eagras deonach seo.

I measc na n-eagras is éifeachtaí tá Avaaz agus 350.org a shaothraíonn ar an idirlín agus ar an talamh chun daoine a spreagadh ar son cúiseanna comhshaoil agus cearta daonna. Is féidir leo na mílte míle – fiú na milliúin – sínithe a eagrú

ar son feachtas éigin taobh istigh de thamall gearr. Ina theannta sin tá eagraíochtaí eile ar nós The Shift Network eagraithe ar an mbonn go bhfuil claochlú comhfhiosach ar siúl cheana féin agus atá dírithe ar spreagadh nó síob a thabhairt don chomhfhios nua atá ag teacht chun beatha dár leo. Ar ndóigh is feiniméan alán de na heagrais seo den domhan nua atá bunaithe ar na meáin nua – mar a léiríodh leis an Earrach Arabach.

Ar an leibhéal acadúil de tá daoine ar nós Otto Scharmer ag MIT a bhfuil teoiric nua dár teideal Theory U foilsithe aige (http://www.presencing.com/). Teoiric chruthaitheach is ea Theory U a bhfuil pobal idirnáisiúnta cruthaithe taobh thiar de anois agus a thugann cuireadh dúinn an domhan a shamhlú ar bhealaí nua; cuireadh chun foghlama agus ceannaireacht a ghlacadh ón todhchaí atá ag iarraidh a theacht chun beatha. Dar leis an leabhar is déanaí atá foilsithe aige - *Leading from the Emerging Future: From Ego-System to Eco-System Economies* - is é atá mar bhunús lenár bhfadhbanna eacnamaíochta comhaimseartha ná an scoilt idir Aigne agus Ábhar. Ar thaobh amháin den scoilt tá fadhbanna eacnamaíochta, sóisialta, éiceolaíochta agus spioradálta ár linne. Ar an taobh eile tá an teoiric agus na hinstitiúidí a shíolraigh ón 18ú, 19ú agus ón 20ú aois. Dar le Scharmer, tá aistear romhainn chun an scoilt seo a leigheas ina mbeidh claochlú bunúsach a bheidh pianmhar agus lúcháireach ag an am céanna. Rud spéisiúil – tá rialtas na hAlban ag baint úsáid as Theory U mar mhodh oibre sa chóras poiblí chun rannpháirtíocht an phobail a chothú agus an dílárnú cumhachta a chur chun cinn. Tá rudaí le foghlaim ag an Státchóras anseo ó Albain.

Ag casadh go dtí **an tír seo** tá alán eagraíochtaí nó gluaiseachtaí nua tagtha ar an saol le blianta beaga anuas ar nós Voice, Change.org, Claiming our Future, Green Foundation Ireland, Burrenbeo Trust, Comhar, Peace Alliance, Change Nation, Cultivate, Stop Climate Chaos agus ar ndóigh Teacht Aniar. Agus níl sa mhéid sin ach amháin na heagrais a bhfuil comhad agam dóibh i mo ríomhaire – is iad san, dar liom, barr an chnoic oighir. Tá alán fuinnimh le mothú sna heagrais seo atá dírithe ar an bpobal a shlógadh chun bheith páirteach i gcúrsaí reatha agus chun cumas athléimneachta a chothú.

Tóg mar shampla an ghluaiseacht um athrú aeráide – le ceannairacht sa tír seo ó Friends of the Earth. De bharr brú ó ghrúpaí mar seo tá reachtaíocht fhorásach á chur i bfeidhm de réir a chéile:

- An tAcht um Ghníomh Aeráide;
- An dlí maidir le cosc a chur ar fraiceáil;
- An tAcht atá geallta chun an Ciste Saibhreas Náisiúnta a dí-infheistiú ó bhreosla iontaise;
- An Bille atá ós comhair na Dála faoi chosc a chur ar dhruileáil do ghás agus ola amach ó chósta na hÉireann mar atá geallta sa Spáinn, sa Fhrainc agus sa Nua Shéalainn agus
- Tá na hOllscoileanna ag dí-infheistiu ó bhreosla iontaise.

Chuir an Rialtas agus an Státseirbhís I gcoinne na mbillí seo ar dtús ach tá an sochaí shiabialta ag athrú na cothromaíochta i dtreo dul chun cinn níos ciallmhaire.

An Mháirt seo chugainn beidh na Teachtaí Dála ag teacht go hÓstán Buswells mar aíonna Friends of the Earth – chun na príorachtaí atá ag an sochaí shiabialta faoin athrú aeráide agus faoin inbhuanaitheacht a chloisteáil.

I mo chás féin tá gluaiseacht nua bunaithe ag foireann comhghleacaithe sa Bhoireann dár teideal Burren Call chun deis a thabhairt agallaimh dhúshlánacha a eagrú faoi na ceisteanna is práinní lenár linn. **Is ag léibhéal córasach atáimid ag feidhmiu.** I gcomhar le Green Foundation Ireland (http://www.climategathering.org) d'eagraíomar cruinniú árd-leibhéal idirináisiúnta dár teideal Climate Gathering i 2013. As sin d'eascair sraith cainteanna i mBÁC le ICTU, Ibec, na hEaglais and na hUaithne in áiteanna cosúil le Liberty Hall, Coláiste na Tríonóide, Árdeaglais Chríost and Amharclann na Mainistreacht – iad go léir bunaithe ar chur chuige fáilteach, cruthaitheach agus sábháilte. Tugadh cuireadh dúinn teacht ós comhair coiste faoin Taoiseach agus bhí ionchur tábhachtach againn i ndearadh an Comhrá Náisiúnta faoin Athrú aeráide atá faoi lán seol faoin am seo.

Ag feidhmiu ag leibhéal córasach arís, táimid tar éis siompóisiam cruthaitheach trí-lá a eagrú sa Bhoireann (ag Coláiste Ealaíne na Bóirne) in a raibh ionadaithe ón gcóras oideachais ina iomláine páirteach. Ag díriú isteach ar an gá atá le níos mó cruthaitheachta san córas oideachais a bhí an siompóisiam agus de réir cosúlachta beidh roinnt mhaith tionscadal ag eirí as go fiú Tionól Saoránach um Athchóiriú Oideachais. Chuid den smaointóireacht a bhí mar bhonn leis an siompóisiam ná go mbeidh i bfhad níos mó cumas cruthaitheachta agus athléimneachta ag teastáil ó na daltaí má tá siad chun

aghaidh a thabhairt ar na dushláin éiceolaíochta is eile a bhéas rompu san am atá le teacht.

Ó thaobh na Gaeilge de tá Teacht Aniar tar éis ionadaithe ó na Gaeltachtaí éagsúla a ghairm le chéile i gConnamara i Mí Bealtaine agus as sin d'eascair Gaeltachtbheo, scáth-eagraíocht náisiunta de na coistí pleanála teanga. Táimid i mbun tionól cruthaitheach a eagrú i dTír Conaill ag tús na bliana seo chugainn chun ceist todhchaí na Gaeilge a shuíomh taobh istigh de forbairt comhtháithe eacnamaíochta, shoisialta, culturtha agus eiceolaíoch. Arís is peirspictíocht córasach atá á usáid againn.

Cad é an teachtaireacht atá sa mhéid atá luaite agam go dtí seo? De réir mar atá ag teip ar an gcóras polaitíochta dul i ngleic leis na fadhbanna fadtéarmacha is tábhachtaí do thodhchaí an chine dhaonna, tá an earnáil dheonach nó an tsochaí shibhialta ag teacht chun cinn chun an bhearna a líonadh. Is as an earnáil seo a thiocfaidh an brú, an fuinneamh agus an chruthaitheacht chun réiteach na gceisteanna atá romhainn a aimsiú. Ar ndóigh tá an chuid is mó den Stát Chóras fós tiomanta do na seanbhealaí oibre – an phleanáil agus an smacht ón uachtar.

An Inbhuanaitheacht agus an Innealtóireacht

Ag tiontú anois, mar chonclúid mo chainte, ar an innealtóireacht is léir go bhfuil an cine daonna ag brath oraibhse chun leigheas a fháil ar na fadhbanna atá cruthaithe againn. Is aoibhinn liom an rud a dúirt an t-ailtire clúiteach meiriceánach, Buckminster Fuller, an fear a d'oibrigh le hinnealtóirí chun cruinneachán geodesic a cruthú: 'Be a trim tab' a dúirt sé - tá sé scriofa, fiú ar a léacht thuama – 'sé sin le rá, feidhmigh cosúil leis an cluaisín ar imeall stiúir an bháid, chun athruithe móra a chur i gcrích le hionchur beag.

Ar ndóigh bhí Buckminster in a réamhtheachtóir don smaointeóireacht ar a dtugtar Bright Green Environmentalism. Dár leis an smaointeoireacht seo is féidir lorg éiceolaíoch an chine daonna a laghdú agus an caighdeán maireacthtála a fheabhsú trí mhodhanna tógála maithe, teicneolaíochtaí nua agus cleachtais maireachtála inbhuanaithe. 'Sé sin le rá chuirtear an bhéim ar uirlisi, múnlaí agus coincheapanna atá ar fáil cheana féin chun teacht ar na hathruithe radacacha a bhfuil gá leo. Tá an teicneolaíocht againn cheana féin don fhuinneamh in-athnuaite, gluaisteáin leictreacha, córais déantúsaíochta

éifeachtúla, bith agus nana theicneolaíochtaí, ríomhaireacht uile-láithreach, lonnaíochtaí uirbeacha dlúth, timthriallta ábhar lúb-dúnta agus dearadh táirgeadh inbhuanaithe. Ar ndóigh, comfhios 'maireachtáil aon phláinéid' atá i gceist leis an gluaiseacht seo. Tá na smaointe seo chun cinn i gCríocha Lochlann, an Ghearmáin, san Ísiltír agus Meiriceá Thuaidh (cé nach bhfuil siad le brath i rialtas Trump).

An bfhuil am a dhóthain ag an chine daonna teacht slán ón géarchéim éiceolaíoch? An mbeidh claochlú comhfhiosach againn in am chun an phlanéad a choinneál slán sábháilte don teaghlach daonna? Nó an mbéimid ag brath ar gaois agus inniúlacht na ninnealtóirí chun réitigh geo-innealtóireachta a chur i bfeidhm – rud a tá thar a bheith dainséarach.

Léigh mé an tseachtain seo faoi thaighde atá déanta ag Gernot Wagner ó Ollscoil Harvard agus Wake Smith ó Yale. Tá siad tar éis eitleán nua a dhearadh chun déocsáid sulfair a thabhairt go hairde fiche ciliméadar chun é a spraeáil ins an stratasféar, an spéir a dhéanamh níos dorcha, solas na gréine a laghdú agus an téamh domhanda a laghdú dá réir. D'fhéadfaí go mbéadh na heitleáin seo ar fáil laistigh de chúig bliana déag ar chostas €2.35bn an ceann. D'fhéadfaí a shamhlú go mbéadh cabhlach céad eitleán ag spraeáil déocsáid sulfair go flúirseach san atmaisféar taobh istigh de tríocha bliain.

Ar ndóigh fiú más féidir a leithéid a chur i gcrích, is plástar é seachas réiteach na faidhbe. Ní réitíonn an bainistíocht radaíochta gréine (Solar Radiation Management), aigéadú na n-aigéan gan trácht ar an tionchar intuartha ar na patrúin báistí. Tagann dlí na n-iarmhairtí neamhbheartaithe i gcuimhne! (the law of unintended consequences)

Tá súil agam nach dtiocfaidh an lá a mbéimid ag brath ar uirlisí den tsaigheas sin ach ní féidir a bheith cinnte faoi. I ndeireadh na dála níor chóir dúinn bheith ag déileáil le siomptóim na faidhbe. Tá réiteach na géirchéime i gcomhfhios an chine daonna, comhfhios a cheapann go bhfuil smacht againn ar an nádúr. Níl ar ndóigh, agus bhí an tuiscint sin san tradisiún Gaelach a d'aithnigh an idir-spleachas leis an dúlra. Tá súil agam go bhfoghlaimóimid an ceacht sin in am trátha arís. Tá na méara trasna ar a chéile!

Go raibh maith agaibh.